AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2022
COM(2022) 642 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil 2022 ar fhóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

Tuarascáil ón gCoimisiún nasctha le Staid an Aontais Fuinnimh – Fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

1. Réamhrá agus na príomhthorthaí

Is í seo an tríú tuarascáil bhliantúil maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh – agus go sonrach le fóirdheontais bhreosla iontaise- san Aontas Eorpach. Ceanglaítear faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide deireadh a chur leis na fóirdheontais seo[1]. Cuireann an tuarascáil seo leis an dá thuarascáil roimhe[2] seo ar fhóirdheontais a cuireadh i gceangal le Staid an Aontais Fuinnimh a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach in 2020 agus 2021.

Bhí an chéad dá thuarascáil bunaithe go príomha ar bhailiúcháin sonraí díreacha ó údaráis náisiúnta agus nochtadh roinnt bearnaí móra sonraí i bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2020 (NECPanna). Mar sin féin, cuirfidh leanúnachas bliantúil an bhailiúcháin sonraí le feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí i dtuarascálacha ar dhul chun cinn an PNFA atá le teacht in 2023.

Tá sé mar sprioc ag an Aontas Eorpach laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar a chuid astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Tuigtear leis sin gur gá deireadh a chur le fóirdheontas a thabhairt do bhreoslaí iontaise, agus coinníollacha fabhracha a chruthú an tráth céanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an gá atá le custaiméirí leochaileacha san aistriú fuinnimh á chur san áireamh.

I mí na Samhna 2021, iarradh sa Chomhshocrú Aeráide i nGlaschú[3] 'iarrachtaí a luathú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le cumhacht ghuail gan laghdú agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais bhreosla iontaise neamhéifeachtúla, agus an tráth céanna tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do na daoine is boichte agus is leochailí i gcomhréir le cúinsí náisiúnta agus aitheantas a thabhairt don ghá atá le tacaíocht i dtreo aistriú cóir'[4].

Mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise san Úcráin tá gníomhaíochtaí beartais gearrthéarmacha nua san Aontas Eorpach. Neartaíodh cuspóirí an aistrithe ghlain, a leagadh síos i gComhaontú Glas na hEorpa agus a chumhdaítear i nDlí Aeráide an AE, leis an gcumarsáid REPowerEU[5] i mí an Mhárta agus leis an bplean REPowerEU i mí na Bealtaine 2022. Mar sin féin, le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí breosla iontaise ón Rúis, is dócha go mbeidh athruithe ar fhóirdheontais le haghaidh fuinneamh breosla iontaise níos mó amach anseo. Beidh tionchar sealadach freisin ag gníomhaíocht náisiúnta chun giniúint cumhachta atá bunaithe ar ghual agus ola a thabhairt ar ais ar líne.

[1] Airteagal 35, pointe n den Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (2018/1999/AE), anseo feasta: Rialachán an rialachais.
[2] https://ec.europa.eu/energy/sites/default/files/annex_to_the_state_of_the_energy_union_report_on_energy_subsidies_in_the_eu.pdf, dá ngairtear: staidéir a rinne an Coimisiún roimhe seo ar fhóirdheontais (2020 agus 2021).
[3] https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_10_add1_adv.pdf.
[4] Ina theannta sin, leagtar béim sa Mholadh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú (2022/C 243/04) 'gur cheart scrúdú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na gcóras cánach agus sochair agus na gcóras cosanta sóisialta i gcoinne na riachtanas sonrach a eascraíonn ón aistriú glas, rud a léiríonn freisin an 'prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' agus an gá nach dtugann na beartais a ghabhann leis sin fóirdheontais isteach i leith tomhaltais breoslaí iontaise, nach ndéanann siad tomhaltóirí a chur faoi ghlas i dteicneolaíocht ar leith, nach ndéanann siad dreasachtaí a laghdú athchóirithe agus ionadaithe córas fuinnimh theirmigh a thógáil agus nach ndéanann siad dreasachtaí a laghdú faoi bhearta ginearálta éifeachtúlachta fuinnimh.'
[5] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_22_3131.

Glacadh Rialachán Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Airgeadais Inbhuanaithe[6] ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2021 freisin. Leag sé seo síos na critéir scagtha theicniúil chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht a chuireann go mór le maolú ar athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide, agus a chinntíonn an tráth céanna nach ndéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch faoi seach aon dochar mór d'aon cheann de chuspóirí comhshaoil eile an Aontais. Rinneadh é sin a chomhlánú le rialachán tarmligthe breise, a glacadh i mí Mhárta 2022[7], lena gcumhdaítear roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe fuinnimh, eadhon gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le gás nádúrtha agus fuinneamh núicléach.

Chun an tuarascáil seo a ullmhú, rinne an Coimisiún staidéar chun sonraí[8] a bhailiú ó na Ballstáit agus chun tacair sonraí níos luaithe ina raibh torthaí neamhiomlána ó 2020 agus 2021 a leathnú agus/nó a cheartú[9]. Nuair a críochnaíodh staidéar an Choimisiúin (Iúil 2022), ní raibh sonraí 2021 críochnaithe agus dá bhrí sin bhí siad faoi réir meastacháin mhóra. Ar an gcúis sin, ba cheart caitheamh go cúramach le huimhreacha 2021 sa tuarascáil seo[10]. Chun dea-cháilíocht sonraí a áirithiú, iarradh ar na Ballstáit an bunachar sonraí nua a chros-sheiceáil. Rinne an staidéar ón gCoimisiún stocáireamh tosaigh freisin ar an gcaoi a mbaineann fóirdheontais fuinnimh leis na critéir thacsanomaíochta.

Deimhníonn torthaí an staidéir seo gur caitheadh méid mór – cé gur laghdú beag é – d'fhóirdheontais ar fhuinneamh breosla iontaise le blianta beaga anuas. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an tAontas agus na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a ngealltanais idirnáisiúnta maidir le fóirdheontais breosla iontaise a chomhlíonadh agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. In 2020, b'ionann na fóirdheontais fuinnimh fhoriomlána san Aontas agus EUR 173 bhilliún, méadú 7 %, nó EUR 14 bhilliún, idir 2015 agus 2020. Tháinig méadú 15 % ar fhóirdheontais le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus bhain sé EUR 81 bhilliún amach in 2020, agus tháinig méadú 20 % ar fhóirdheontais éifeachtúlachta fuinnimh (EUR 15 billiún in 2020) sa tréimhse chéanna 2015-2020 – forbairt fhabhrach a chabhróidh leis an Aontas a chuspóirí a bhaint amach maidir le haistriú chuig fuinneamh glan.

In 2021, bhí méadú ag teacht i gcónaí ar fhóirdheontais iomlána do gach cineál fuinnimh (breoslaí iontaise, fuinneamh núicléach agus fuinneamh in-athnuaite). Tharla sé seo mar gheall ar éileamh ar fhuinneamh a bheith ag méadú agus an téarnamh eacnamaíoch ag leanúint ar aghaidh i ndiaidh 2020, bliain a bhfuil srianta a bhaineann le COVID-19 mar shaintréith inti. Mar a léiríonn meastacháin sonraí ó 2021, tháinig ardú EUR 11 bhilliún ar fhóirdheontais fuinnimh iomlána in 2021 i gcomparáid le 2020, agus EUR 184 bhilliún orthu. As na fóirdheontais fuinnimh sin, bhí fóirdheontais d'éileamh fuinnimh[11] cothrom le

[6] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R2139&from=EN.

[7] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R1214&from=EN.

[8] Staidéar ar fhóirdheontais fuinnimh agus idirghabhálacha eile rialtais san Aontas Eorpach – eagrán 2022, dá ngairtear 'staidéar an Choimisiúin' anseo feasta https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/34a55767-55a1-11ed-92ed-01aa75ed71a1

[9] Mar gheall ar an athmheasúnú ar fhardal an fhóirdheontais do na blianta roimhe sin, agus an t-athrú ar an mbonn airgeadaíochta ('arna shloinneadh in euro 2021' sa tuarascáil reatha) d'fhéadfadh sé go mbeadh na méideanna iomlána ar chairteacha na tuarascála seo difriúil ón tuarascáil dheireanach maidir le fóirdheontas fuinnimh a foilsíodh in 2021 nó níos luaithe.

[10] I gcás roinnt pointí fóirdheontais, mura raibh luachanna 2021 ar fáil, glacadh luachanna 2020 mar mheastachán do 2021. I bhformhór na gcásanna, tagraítear do shonraí 2021 sa tuarascáil seo. Mar sin féin, mura bhfuil ach sonraí 2020 láidir go leor don anailís, glactar leis gurb iad an tacar sonraí is déanaí atá ar fáil.

[11] Spreagann fóirdheontais a bhaineann le héileamh ar fhuinneamh tomhaltas fuinnimh in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, mar shampla trí: (i) laghduithe cánach nó aisíocaíochtaí ar thomhaltas fuinnimh; (ii) praghsanna rialáilte in earnálacha áirithe; agus (iii) íocaíochtaí díreacha atá dírithe ar mhaolú a dhéanamh ar ualaí tomhaltóirí a eascraíonn as costais fuinnimh. Tá impleachtaí sóisialta ag roinnt fóirdheontas um éileamh fuinnimh, ag dul níos faide ná cúinsí eacnamaíocha amháin. Tráth a bhíonn praghsanna arda fuinnimh ann, ba cheart aird a thabhairt ar thomhaltóirí leochaileacha, go háirithe i gcinntí beartais maidir le fóirdheontais.

EUR 65 bhilliún in 2021, thart ar EUR 8 mbilliún níos airde (+14 %) ná in 2020 agus bhí fóirdheontais d'éifeachtúlacht fuinnimh cothrom le EUR 19 mbilliún, thart ar EUR 3 bhilliún níos airde (+29 %) ná mar a bhí in 2020. An tráth céanna, tháinig laghdú beagnach EUR 3 bhilliún (-3.5 %) ar fhóirdheontais le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (laghdú go EUR 78 billiún in 2021), mar gheall ar mhéadú ar phraghsanna mórdhíola leictreachais, rud a thug le tuiscint gur lú méid na bpréimheanna ar sholáthar.

Tháinig laghdú 1,5 % (nó 0,7 billiún -EUR) ar fhóirdheontais bhreosla iontaise, arbh ionann é agus EUR 50 billiún in 2020, idir 2015 agus 2020, mar thoradh ar: (i) laghdú ar fhóirdheontais nach bhfuil sonrach ó thaobh breosla de (-EUR 1,4 billiún); (ii) titim i bhfóirdheontais ghuail (EUR 0,9 billiún); (iii) ardú ar fhóirdheontais gháis (+EUR 0,5 billiún); agus (iv) méadú ar fhóirdheontais le haghaidh táirgí ola agus peitriliam (+EUR 1,2 billiún). Tháinig laghdú ar fhóirdheontais breosla iontaise i bhformhór na mBallstát le linn na tréimhse sin. Mar sin féin, i roinnt tíortha, amhail an Bheilg, an Bhulgáir, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Pholainn agus an tSlóvaic, tháinig méadú mór ar fhóirdheontais breosla iontaise idir 2015 agus 2020. Ar leibhéal an Aontais, ní raibh aon athrú praiticiúil ar sciar na bhfóirdheontas breosla iontaise laistigh de OTI idir 2015 agus 2020.

San earnáil iompair, tháinig méadú mór ar fhóirdheontais breosla iontaise (go príomha ar tháirgí ola) (29 %, nó EUR 3,1 billiún) idir 2015 agus 2019 agus tháinig laghdú EUR 3 billiún orthu in 2020. In 2021, fiú i bhfianaise an mhéadaithe ar ghníomhaíochtaí iompair tar éis deireadh a bheith curtha le srianta COVID-19, bhí fóirdheontais breosla iontaise fós cobhsaí ar an iomlán i gcomparáid le 2020 toisc gur thit fóirdheontais breosla iontaise in earnálacha eile den gheilleagar, mar shampla san earnáil fuinnimh.

Tháinig méadú freisin ar fhóirdheontais breosla iontaise sa talmhaíocht (13 %, nó +EUR 0,7 billiún) idir 2015 agus 2020, i bhfoirm thacaíochta le haghaidh ídiú breosla (e.g. cánacha breosla a laghdú nó a dhíolmhú).

Tháinig méadú 15 % (EUR 0,4 billiún) ar fhóirdheontais breosla iontaise do theaghlaigh sa tréimhse chéanna, go príomha i bhfoirm fóirdheontas le haghaidh ola théite agus tomhaltais gáis nádúrtha. In 2021, lean fóirdheontais breosla iontaise do theaghlaigh ag méadú óna leibhéil in 2020.

Tháinig méadú 6 % (EUR 0,5 billiún) ar fhóirdheontais don ghás nádúrtha idir 2015 agus 2020, arb ionann iad agus thart ar 19 % de na fóirdheontais breosla iontaise, agus tháinig méadú breise EUR 0,7 billiún (+10 %) orthu in 2021 i gcomparáid le 2020. Thit fóirdheontais maidir le gual agus lignít, arb ionann iad agus 18 % d'iomlán na bhfóirdheontas breosla iontaise, 9 % (- EUR 0,9 billiún) san Aontas idir 2015 agus 2020, ach rinne siad teacht aniar de 6 % (EUR 0,6 billiún) measta in 2021.

Sna blianta amach romhainn, agus aird á tabhairt ar an tionchar dóchúil a bheadh ag úsáid guail níos mó, d'fhéadfadh fóirdheontais le haghaidh guail méadú san earnáil fuinnimh. Agus tugann titim ionchais úsáide gáis sa meántéarma go fadtéarma le tuiscint gur dócha go dtiocfaidh laghdú ar fhóirdheontais gháis sa todhchaí, cé go bhféadfadh praghsanna arda gáis faoi láthair méadú ar fhóirdheontais gháis sa ghearrthéarma a léiriú. Tháinig méadú breise ar fhóirdheontais le haghaidh fuinnimh núicléach i bhfoirm chúitimh as áiseanna núicléacha a dhúnadh go luath agus a dhíchoimisiúnú go luath (sa Ghearmáin agus sa Fhrainc go príomha) in 2021 mar gheall ar dhúnadh síos beartaithe. Beidh fóirdheontais le haghaidh foinsí

in-athnuaite ag brath go mór ar phraghsanna mórdhíola fuinnimh, ach is féidir linn a bheith ag súil go mbeidh praghsanna níos airde i gceist le fóirdheontais níos ísle trí phréimheanna ar sholáthar nó trí chonarthaí difríochta[12].

2. Fóirdheontais fuinnimh agus fóirdheontais breosla iontaise san Aontas

2.1. Fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

Sainmhínítear fóirdheontais sa tuarascáil seo de réir na modheolaíochta atá leagtha amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)[13], a úsáideadh sa staidéar lena dtacaítear leis an gCoimisiún[14] agus sa dá thuarascáil fóirdheontais fuinnimh roimhe seo (2020 agus 2021). Déanann an mhodheolaíocht seo fóirdheontais a ghrúpáil i gceithre chatagóir: (i) bearta rialtais lena ngabhann aistriú díreach cistí; (ii) ioncam rialtais a ligtear thar ceal ar dhóigh eile (nár bailíodh); (iii) rialtais a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí nó a cheannaíonn earraí; agus (iv) tacaí praghais agus ioncaim.

Sa tuairisc seo, scrúdaítear fóirdheontais fuinnimh freisin ó pheirspictíochtaí éagsúla, mar shampla: (i) faoin sprioc trína bhféachann siad le (táirgeadh, tomhaltas/éileamh, bonneagar nó éifeachtúlacht fuinnimh) a chur chun cinn; (ii) de réir cineáil breosla (breoslaí iontaise, foinsí in-athnuaite, núicléacha); (iii) earnálacha eacnamaíocha (an earnáil fuinnimh, iompair, tionscail, talmhaíochta[15], cónaithe, seirbhísí, etc.); nó (iv) de réir na gcineálacha ionstraime a úsáidtear chun fóirdheontais a fhorchur (faoisimh chánach, deontais, tacaíochtaí praghais, tacaíochtaí ioncaim, etc.).

Ag féachaint ar athruithe ar fhóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach, ba é EUR 173 bhilliún an tacaíocht airgeadais iomlán in 2020, méadú 7 % (+ EUR 14 bhilliún) ó 2015. Tháinig méadú 11 % (+EUR 9 mbilliún) ar na fóirdheontais le haghaidh táirgeadh fuinnimh le linn na tréimhse céanna, go príomha mar gheall ar fhóirdheontais chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint (EUR 81 bhilliún in 2020), agus bhí méadú 20 % (+ EUR 2,5 billiún le haghaidh beart tíosach ar fhuinneamh le linn na tréimhse céanna, arb ionann é agus EUR 15 bhilliún in 2020).

Mar gheall ar fheabhas a chur ar staid na paindéime agus ar mhaolú buan na mbeart srianta in 2021, bhí deis ag geilleagar an Aontais téarnamh. Sa bhliain sin, tháinig téarnamh ar gheilleagar an AE níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, téarnamh a raibh tionchar níos mó aige freisin ar thomhaltas fuinnimh agus ar fhóirdheontais ar tháirgí fuinnimh. De réir mar a mheastar sna sonraí, mhéadaigh fóirdheontais fuinnimh san Aontas go EUR 184 bhilliún in 2021 (suas go EUR 12 bhilliún, nó 7 % i gcomparáid le 2020). Tháinig méadú 14 %[16] (+EUR 8 mbilliún) ar fhóirdheontais a bhaineann le héileamh fuinnimh in 2021 i gcomparáid le 2020, go príomha mar gheall ar théarnamh eacnamaíoch a bheith ag

[12] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi choincheapa, sainmhínithe, críocha, earnálacha, ionstraimí, cineálacha breosla, etc. féach Iarscríbhinn 5 den staidéar ón gCoimisiún.

[13] Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh. https://www.wto.org/english/tratop_e/scm_e/scm_e.htm.

[14] Féach tuilleadh maidir le modheolaíocht fóirdheontais fuinnimh sa staidéar ón gCoimisiún.


[15] Sa tuarascáil reatha freisin, lena n-áirítear fóirdheontais le haghaidh iascaireachta.

[16] Spreagann fóirdheontais a bhaineann le héileamh ar fhuinneamh tomhaltas fuinnimh in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, mar shampla trí: (i) laghduithe cánach nó aisíocaíochtaí ar thomhaltas fuinnimh; (ii) praghsanna rialáilte in earnálacha áirithe; agus (iii) íocaíochtaí díreacha atá dírithe ar mhaolú a dhéanamh ar ualaí tomhaltóirí a eascraíonn as costais fuinnimh. Tá impleachtaí sóisialta ag roinnt fóirdheontas um éileamh fuinnimh, ag dul níos faide ná cúinsí eacnamaíocha amháin. Tráth a bhíonn praghsanna arda fuinnimh ann, ba cheart aird a thabhairt ar thomhaltóirí leochaileacha, go háirithe i gcinntí beartais maidir le fóirdheontais.

méadú. Léirigh sé seo nach raibh an titim ar fhóirdheontais éilimh ar fhuinneamh in 2020 ach sealadach. Maidir le tionchar na mbeart arna nglacadh ag na Ballstáit ag tosú sa dara leath de 2021 chun tacú le gnólachtaí agus leis an bpobal – fiú mura mbeidh ann ach go sealadach - i bhfianaise praghsanna arda fuinnimh, is féidir iad a fheiceáil cheana féin i bhfóirdheontais a bhaineann le héileamh ar fhuinneamh a mhéadú don tréimhse seo. Mar sin féin, b'fhéidir nach mbeidh ann ach sonraí beachta a chainníochtú sa chéad eagrán eile den tuarascáil ar fhóirdheontais fuinnimh.

Tháinig méadú arís ar fhóirdheontais le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh, tar éis titim shealadach in 2020, in 2021, agus shroich siad sin EUR 19 billiún. B'ionann é sin agus méadú 54 % (+EUR 6,5 billiún) i gcomparáid le 2015. Ina theannta sin, d'ardaigh méid measta na bhfóirdheontas d'athstruchtúrú tionscail go EUR 4,6 billiún in 2021 (suas ó EUR 2,3-2,4 billiún i ngach ceann den 2 bhliain roimhe sin), go príomha mar gheall ar thacaíocht airgeadais mhéadaithe do dhíchoimisiúnú mianach guail agus ligníte agus bearta claochlaithe eacnamaíocha gaolmhara. Tháinig laghdú 5 % (- EUR 5 bhilliún) ar na fóirdheontais le haghaidh táirgeadh fuinnimh, áfach, toisc gur tháinig laghdú mór ar na fóirdheontais le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh (fuinneamh gréine go príomha) i gcomparáid le praghsanna mórdhíola leictreachais, a raibh tionchar acu ar chineálacha éagsúla scéimeanna tacaíochta beathaithe i bpréimh ar sholáthar agus conartha.

Fíor 1 – Fóirdheontais fuinnimh AE de réir cuspóra



Foinse: Staidéar ar fhóirdheontais fuinnimh agus idirghabhálacha rialtais eile san Aontas Eorpach – eagrán 2022. Le linn na ndoiciméad seo, léiríonn barraí cuaillí sféarúla go bhfuil na sonraí 2021 seo bunaithe ar mheastacháin, agus ba cheart gach catagóir a léirmhíniú mar bharra sféarúil (meastacháin) a chur leis an mbarra líonta (sonraí fíorasacha) chun comparáid a dhéanamh le blianta roimhe sin.


Mar thráscaire ar dhéine an gheilleagair ó thaobh fóirdheontais fuinnimh de, is féidir fóirdheontais fuinnimh i gcomparáid le OTI i mBallstáit an AE a úsáid chun comparáidí trastíre a dhéanamh. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbraitheann dearbhluachanna fóirdheontais freisin ar mhéid gheilleagar tíre ar leith. In 2020, bhí éagsúlacht mhór sna fóirdheontais fuinnimh i gcomparáid le OTI ar fud na mBallstát, idir 2,9 % de OTI sa Laitvia agus 0,3 % de OTI i Lucsamburg. B'ionann na fóirdheontais fuinnimh mar chéatadán d'OTI san Aontas agus 1,2 % in 2020 ar an meán, rud a léiríonn ardleibhéal cobhsaíochta in 2015-2020 san Aontas i gcoitinne agus i bhformhór na mBallstát chomh maith.

Léirítear san anailís freisin go n-úsáideann tíortha éagsúla fóirdheontais chun tacú le beartais agus le bearta éagsúla, agus go mbíonn tionchar éagsúil ag na beartais agus na bearta éagsúla

sin ar chuspóirí an AE maidir le haistriú an fhuinnimh ghlain. Mar shampla, chaith an Laitvia 2 % dá OTI ar fhóirdheontais le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh in 2020[17] (agus 0,4 % dá OTI ar bhreosla iontaise agus ar fhóirdheontais inathnuaite), agus chaith an Ghearmáin, an Iodáil agus an Ghréig thart ar 1 % dá OTI ar fhoinsí in-athnuaite a fhóirdheonú. Chaith an Ghearmáin agus an Iodáil faoi seach 0,4 % agus 0,3 % dá OTI ar fhóirdheontais breosla iontaise.

An tráth céanna, is iondúil go gcaitheann tíortha eile níos mó ar bhreoslaí iontaise[18] ná ar bhearta lena spreagtar an t-aistriú chuig fuinneamh glan. In 2020, chaith an Chipir thart ar 1,3 % dá OTI ar bhreoslaí iontaise a fhóirdheonú (agus 0,2 % ar fhóirdheontais in-athnuaite amháin), agus sa Ghréig agus sa Bheilg bhí an sciar sin gar do 1 %, rud a chuir an t-aistriú ó fhuinneamh glan in aghaidh an lae. Mar sin féin, chaith an dá thír dheiridh sin faoi seach 0,9 % agus 0,5 % dá OTI ar fhoinsí in-athnuaite. In 2021, d'fhan fóirdheontais fuinnimh mar chéatadán de OTI cobhsaí (nó tháinig laghdú beag orthu i gcomparáid le 2020) i bhformhór na mBallstát.

Fíor 2 - Fóirdheontais le haghaidh foinsí éagsúla fuinnimh, mar chéatadán de OTI in 2015 agus 2020, agus i mbilliún euro in 2020



Foinse: Staidéar ar fhóirdheontais fuinnimh agus idirghabhálacha rialtais eile san Aontas Eorpach – eagrán 2022. Tagraíonn leictreachas don tacaíocht ghinearálta don leictreachas nach mbaineann go sonrach le teicneolaíocht, agus is ionann 'Gach fuinneamh' agus fóirdheontais nach bhfuil inchurtha go díreach i leith iompróirí fuinnimh ná breoslaí fuinnimh (e.g. bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus dreasachtaí maidir le héileamh ar fhuinneamh/ídiú, beag beann ar an iompróir fuinnimh; Deontais infheistíochta; agus go háirithe caiteachas T&F). Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach staidéar an Choimisiúin.

Tháinig méadú 7 % (+EUR 5,5 billiún) ar fhóirdheontais le haghaidh **foinsí in-athnuaite fuinnimh,** arb ionann sin agus thart ar 44 % de luach foriomlán na bhfóirdheontas fuinnimh le blianta beaga anuas, in 2020 i gcomparáid le 2019. In 2021, áfach, tháinig laghdú 3 % ar na fóirdheontais sin (- EUR 2,8 billiún, a raibh tionchar ag praghsanna fuinnimh mórdhíola níos airde orthu agus, dá bharr sin, a raibh tionchar níos lú acu ar phréimheanna ar sholáthar nó ar chonradh i gcomhair difríochtaí), mar a léirítear sna huimhreacha measta. Den pháirt eile, tháinig laghdú 5,5 % (-EUR 2,9 billiún) in 2020 ar fhóirdheontas breosla iontaise arb ionann iad agus 31 % d'fhóirdheontais fuinnimh iomlána le blianta beaga anuas, ach d'fhan siad

[17] Bhí na bearta sin nasctha go príomha le cláir Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) sa tréimhse 2014-2020, agus iad dírithe ar aistriú chuig forbairtí ísealcharbóin i ngach earnáil eacnamaíoch. Amhail 2021, léirigh réamhshonraí go raibh deireadh tagtha leis na bearta ERDF sin, rud a laghdaigh méid foriomlán an fhóirdheontais.


[18] Ar an iomlán, tá formhór na bhfóirdheontas breosla iontaise dírithe ar thomhaltas agus/nó ar tháirgeadh fuinnimh ó na breoslaí sin a dhreasú, ach is fíorbheagán é sciar na bhfóirdheontas atá dírithe ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

cobhsaí, geall leis, in 2021. In 2021, in ainneoin athshlánú ar ídiú breosla le haghaidh iompair, níor tháinig méadú ar fhóirdheontais breosla iontaise mar a tharla in earnálacha eile, amhail fuinneamh. A mhalairt ar fad, thit fóirdheontais breosla iontaise le haghaidh iompair.

Tháinig laghdú beag ar fhóirdheontais ar **leictreachas**[19] idir 2015 agus 2020, ach tháinig ardú ar fhóirdheontais le haghaidh 'gach fuinnimh' (a bhfuil foinsí fuinnimh nó bearta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith táirgí fuinnimh) ó EUR 20 billiún go dtí EUR 26 bhilliún (+30 %). In 2021, tháinig méadú ar fhóirdheontais ar leictreachas agus ar 'gach fuinneamh', rud a thug le tuiscint gur tháinig méadú ar chaiteachas cánach ar tháirgí fuinnimh nach féidir a chur i leith iompróra ar leith (a bhaineann le tacaíocht don éileamh ar fhuinneamh).

Shroich fóirdheontais le haghaidh **fuinnimh núicléach**, tar éis a bheith seasmhach ar feadh roinnt blianta ó 2015 (meánmhéid de EUR 4,2 billiún), beagnach EUR 5 bhilliún in 2019 agus 2020 araon. In 2021, áfach, d'ardaigh siad tuilleadh go EUR 7,2 billiún, cé nach raibh ach 4 % de na fóirdheontais fuinnimh iomlána san Aontas, fiú tar éis an mhéadaithe sin. Bhí an méadú seo nasctha go príomha le hionstraimí airgeadais mar chúiteamh ar dhúnadh agus díchoimisiúnú luath saoráidí núicléacha, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc go príomha. Tá scéimeanna cúitimh bunaithe go príomha ar íoc as leictreachas nach nginfear (mar gheall ar dhúnadh luath) nó as sócmhainní 'sáinnithe'[20]. Sa Ghearmáin, íocadh cúiteamh EUR 2,4 billiún i mí na Samhna 2021, a raibh tionchar substaintiúil aige ar mhéid iomlán na bhfóirdheontas le haghaidh fuinneamh núicléach san Eoraip.

Fíor 3 – Fóirdheontais fuinnimh AE de réir cineáil breosla



Foinse: Staidéar ar fhóirdheontais fuinnimh agus idirghabhálacha rialtais eile san Aontas Eorpach – eagrán 2022. Seasann 'gach fuinneamh' d'fhóirdheontais nach bhfuil inchurtha go díreach i leith iompróirí fuinnimh ná i leith breoslaí fuinnimh (e.g. bearta tíosachta ar fhuinneamh, arb ionann iad agus thart ar 55 % de 'gach fuinneamh in 2021' agus dreasachtaí éilimh ar fhuinneamh/tomhaltais beag beann ar an iompróir fuinnimh; Deontais infheistíochta; agus go háirithe caiteachas T&F).

Bhí sciar na bhfóirdheontas fuinnimh a d'fhéadfaí a nascadh go díreach leis an **earnáil fuinnimh**[21] (is é sin, an earnáil giniúna leictreachais, mianadóirí guail, agus cuideachtaí ola agus gáis) thart ar 56-58 % in 2019 agus 2020, ach in 2021 thit sé seo go 54 %. Sa tréimhse chéanna, léirigh sciar na bhfóirdheontas fuinnimh a íocadh le teaghlaigh treocht

[19] Rinneadh méideanna fóirdheontais le haghaidh úsáide leictreachais a athleithdháileadh ar a bhfoinsí giniúna fuinnimh (e.g. breoslaí iontaise, fuinneamh núicléach, fuinneamh in-athnuaite) bunaithe ar na hiarmhéideanna fuinnimh náisiúnta.


[20] Is é is sócmhainní sáinnithe ann ná sócmhainní a d'fhulaing de bharr díluachála nó aistrithe ina ndliteanais gan choinne nó roimh an am

[21] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi choincheapa, sainmhínithe, cuspóirí, earnálacha, ionstraimí, cineálacha breosla, etc. féach Iarscríbhinn 5 den staidéar ón gCoimisiún.

mhéadaitheach, thart ar 12-13 %, agus bhí sciar an tionscail díreach os cionn 10 %, agus bhí sciar an iompair beagán faoi bhun 10 %. Idir 2015 agus 2020, tháinig méadú beagnach EUR 10 mbilliún ar fhóirdheontais san earnáil fuinnimh (+10 %), agus tháinig méadú EUR 2,7 billiún ar fhóirdheontais fuinnimh nach mbaineann leis an earnáil shonrach le linn na tréimhse céanna. An tráth céanna, tháinig laghdú EUR 1 bhilliún ar fhóirdheontais fuinnimh san earnáil tráchtála.

In 2021, tháinig méadú thart ar EUR 5 bhilliún (+26 %) ar na fóirdheontais fuinnimh a íoctar leis an earnáil teaghlaigh, i gcomparáid le 2020, toisc gur spreag praghsanna arda fuinnimh níos mó tacaíocht airgeadais ó rialtais do theaghlaigh. San earnáil thionsclaíoch, tháinig méadú EUR 1,7 billiún (+8 %) ar na fóirdheontais fuinnimh, ach san earnáil fuinnimh tháinig laghdú EUR 2,1 billiún (-2 %) orthu.

Fíor 4 – Fóirdheontais fuinnimh an Aontais de réir earnáil eacnamaíoch



Foinse: Staidéar ar fhóirdheontais fuinnimh agus idirghabhálacha rialtais eile san Aontas Eorpach – eagrán 2022

San earnáil fuinnimh a bhí formhór mór na **bhfóirdheontas le haghaidh fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite san Aontas (thart ar 90 %)** (EUR 81 bhilliún in 2020). D'fhéadfadh thart ar 38 % de na fóirdheontais in-athnuaite a bheith nasctha le fuinneamh na gréine in 2020, ach is í an ghiniúint cumhachta gaoithe a bhí i gceist le thart ar 27 % d'fhóirdheontais fuinnimh in-athnuaite, agus bhí an bhithmhais i gceist le sciar thart ar 22 %. Níor fhág sé seo ach sciar beag le haghaidh foinsí hidrigine, geoiteirmeacha agus fuinnimh in-athnuaite eile (13 %). In 2021, tháinig laghdú go 34 % ar an sciar d'fhóirdheontais in-athnuaite gréine a ghabh an ghrian, ach bhí an sciar a ghabh gaoth agus bithmhais thart ar 24 % an ceann.


